

ALL  
EVENTS  
FREE

Tá na himeachtaí ar fad  
SAOR IN AISCE



# Gradam Ceoil TG4 2020



# Fringe

Imeachtaí ar an Imeall

Déardaoin / Thursday - Dé Domhnaigh /  
Sunday 20 -23 Feabhra / February 2020



NORTHERN IRELAND SCREEN  
Irish Language Broadcast Fund  
An Ciste Craoltóireachta Gaeilge



## Déardaoin 20 Feabhra Thursday 20 February

### An Chruit agus an Fhilíocht

Exploring contemporary Irish harp accompaniments to Gaelic bardic poetry with Lauren O'Neill.  
With ITMA/Gradam Ceoil Pop-Up Archive

Léargas ar thionlacáin comhaimseartha na gClairsí atá curtha le filíocht na mBard le Lauren O'Neill .  
Le TobChartlann ITMA / Gradam Ceoil TG4

## Dé hAoine 21 Feabhra Friday 21 February

### Polcaphonc le Doimnic Mac Giolla Bhríde

Join us on a musical journey through outer space where children will learn new songs and dances! Mr Polcaphonc, has just landed from the planet Polcaphonc, and guess what– he has lost his polkadots! Can you help him find them? If you sing and dance you'll get to meet all his weird and wonderful friends like the greedy spider, an Bradán and Scadán, Plúitín and Plúiteog and you'll learn all about how important it is to save the planet! Captain Doimnic Mac Giolla Bhríde is driving the space ship, bringing his band of merry musicians on board for a live music show that is out of this world. Age group 5-11

Bígí linn ar an turas spleodrach, ceolmhar seo sa spás amuigh ina bhfoghlaimíodh páistí amhráin agus damhsaí úra. Tá an tUas. Polcaphonc tar éis leaindeáil ón phláinéad Polcaphonc agus tá a chuid polcaphoncanna cailte aige. Má chuidíonn sibh leis iad a chuardach buailfidh sibh leis an uile chineál carachtar aisteach agus iontach amhail an damhán alla santach, Plúitín agus Plúiteog - an Bradán agus an Scadán srl., agus míneoidh an tUas. Polcaphonc dúinn faoin dóigh is fearr an timpeallacht a shábháil. Beidh an Captaen Doimnic Mac Giolla Bhríde ag tiomáint an spásárthaigh seo agus é lena chairde ceolmhara, agus bí cinnte go mbeidh seó thar barr ar fad ann. Aois 5-11.

19.30p.m. / 19.30i.n.

Sunflower Public House  
65 Union St, BT1 2JG



13.00p.m. / 13.00i.n.

Cultúrlann Mac Adam  
Ó Fiaich  
216 Bóthar na bhFál,  
Béal Feirste, BT12 6AH



## Nigel Boullier: Handed Down

Nigel Boullier is the author of 'Handed Down: Country Fiddling and Dancing in East and Central Down'. He will take us on a journey through time looking at the traditional fiddle playing and dancing culture in County Down. This will be a unique insight within traditional music and dance in Ireland due to the demographic nature of the county – the musicians, their music and dance, having been drawn from both unionist and nationalist communities. Fiddle player Geordie McAdam accompanies the lecture.

With ITMA/Gradam Ceoil Pop-Up Archive

Is é Nigel Boullier a scríobh an leabhar 'Handed Down: Country Fiddling and Dancing in East and Central Down'. Rachaidh sé ar bhóithrín na smaointe chun léargas a thabhairt dúinn ar fhidléireacht agus damhsa traidisiúnta i gCondae an Dúin,. Is léargas faoi leith a bheidh anseo i saol an cheoil thraidisiúnta mar gheall ar nádúr déimeagrafach na háite - na ceoltóirí, a gceol agus damhsa, ag teacht ó chúlra aontachtach agus ó chúlra náisiúnach. Beidh Geordie McAdam ag seinm samplaí ceoil le linn na léachta. Le TobChartlann ITMA / Gradam Ceoil TG4

## Oíche na mBan

A night of music, singing and dance featuring many of Belfast's female session musicians led by Gráinne Smith.

Oíche lán le ceol, amhránaíocht agus damhsa le mná Bhéal Feirste faoi stiúir Gráinne Smith.

## TobChartlann ITMA / Gradam Ceoil TG4

TG4 and the Irish Traditional Music Archive have developed a collaborative project: free online access to the digitised and catalogued gala Gradam Ceoil programmes (1996-2018). The archive is available at [www.tg4.ie/ga/clair/gradam-ceoil/cartlann/ITMA](http://www.tg4.ie/ga/clair/gradam-ceoil/cartlann/ITMA) & TG4 will host a Pop Up Archive with ITMA & TG4 staff on hand to guide users in using the collection.


Tá TG4 agus Taisce Cheol Dúchais Éireann i ndiaidh ceolchoirmeacha, faisnéis agus ábhar taca a léiríodh mar chuid de Ghradam Ceoil (1996-2018) a dhigitiú, a chatalógú agus a chur ar fáil don phobal in Éirinn agus ar fud an domhain ar líne ag [www.tg4.ie/ga/clair/gradam-ceoil/-cartlann](http://www.tg4.ie/ga/clair/gradam-ceoil/-cartlann). Beidh ITMA agus TG4 i láthair chun an TobChartlann a thaispeáint.

14.00p.m. / 14.00i.n.

Linenhall

Library/**Leabharlann an Líneadaigh**

17 Donegall Square N,  
Belfast BT1 5GB



18.00p.m. / 18.00i.n.

Madden's Bar

Berry Street, BT11FJ



18.00p.m. / 6.00i.n.

Sunflower

Public House

65 Union St, BT1 2JG



## Seoladh Oifigiúil: Sean-Nós na Fearsaíde

A special evening of Sean-nós featuring the cream of Irish sean-nós and artistic talent including current Corn Uí Riada winner Máire Ní Choilm, 2019 Steip Winner Ruadhán Ó Flatharta, Máire Ní Chéilleachair, Éamon Ó Donnchadha, Gearóidín Breathnach, Doimnic Mac Giolla Bhríde, Róisín Elsafty, Ray Mac Mánaís & Joe Ó Dónaill, Nada Ní Chuirrín and many more.

Oíche den scoth a bheidh ann in éineacht le roinnt de na hamhránaithe agus oirfidigh is fearr in Éirinn ina measc Máire Ní Choilm, buaiteoir Chorn Uí Riada 2019, Ruadhán Ó Flatharta, buaiteoir Steip 2019, Máire Ní Chéilleachair, Éamon Ó Donnchadha, Gearóidín Breathnach, Doimnic Mac Giolla Bhríde, Róisín Elsafty, Ray Mac Mánaís & Joe Ó Dónaill, Nada Ní Chuirrín agus neart eile nach iad.

## Seisiúin Oscailte @ The Dirty Onion

Come along and have a tune with some of Belfast's finest musicians. Listeners welcome too!

Goitse agus bíodh port nó dhó agat le cuid de na ceoltóirí is fearr i mBéal Feirste. Fáilte roimh lucht éisteachta chomh maith!

## **Dé Sathairn 22 Feabhra** **Saturday 22 February**

### Glengormley School of Music @ Margadh Naomh Seoirse

Amazing young traditional Irish musicians from Belfast based Glengormley School of Music performing in the busy Sunday Market.

Ceoltóirí traidisiúnta óga den chéad scoth de bhunadh Bhéal Feirste ag seinm i Margadh Naomh Seoirse.

### Féinléiriú trí Cheol/ Self Expression through Music

The workshop will give all participants/young children a chance to participate in all-inclusive music and song activities. Josie Nugent will lead the workshop in a positive person-centred way to ensure that all participants have a chance to self-express and realise that their voice is

19.00p.m. / 19.00i.n.  
Áras Mhic Reachtain  
287 Bóthar  
Aontroma, BT15 2GZ



21.00p.m. / 21.00i.n.  
The Dirty Onion  
3 Hill St, Belfast BT1  
2LA



11.00 -12.00p.m.  
/ 11.00 -12.00i.n.  
St George's Market  
East Bridge St, BT1  
3NQ



12.00p.m. / 12.00i.n.  
Cultúrlann Mac Adam  
Ó Fiaich  
216 Bóthar na bhFál,  
BT12 6AH

important and acknowledged, thereby building their self-esteem and confidence. Parents are very welcome to attend and to take home ideas from the workshop. Age Group: 2- 10.

Beidh deis ag na páistí/rannpháirtithe páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ceoil agus amhránaíochta faoi stiúir Josie Nugent. Rithfidh sí an cheardlann ar bhealach dearfach, rannpháirtí lárnach lena cinntiú go mbíonn deis ag gach duine iad féin a chur in iúl agus go dtuigfidh siad go bhfuil siad féin tábhachtach, rud a thógann féinmhúinín. Tá lán-fáilte roimh thuismitheoirí freastal ar an gceardlann agus smaointe a thabhairt abhaile leo. Aois: 2 - 10



### Scad the Beggars

Scad the Beggars are a 6 piece group from North Antrim, who play music and song popular in the Ulster Scots Tradition. For the past 20 years they have hosted two weekly Causeway Coast sessions & play a wide variety of instruments, including some more unusual ones like Northumbrian Pipes, Hammered Dulcimer, Fife and English Concertina.

Is grúpa iad 'Scad the Beggars', as Tuaisceart Chontae Aontroma, a chasann ceol agus amhráin atá coitianta i dtraidisiún Ultaise. Le 20 bliain anuas, tá siad i mbun na seisiún 'Causeway Coast' agus seinneann siad réimse leathan uirlisí, Píoba Northumberland, téadchlár, Fífe agus an consairtín Sasanach ina measc.

### Belfast Traditional Music Trail

Professional musicians will guide attendees through cobbled alleyways, past famous landmarks and on to some of Belfast's best-known trad venues for performances of traditional tunes, songs and stories. Organised by An Droichead. Pre-registration necessary. Please go to <https://www.belfasttradtrail.com>

Turas treoraithe trí shráideanna doirneogacha, sainchomharthaí cáiliúla agus ar aghaidh chuig cuid de na hionaid ceoil thraidisiúnta is aitheanta i mBéal Feirste le beirt de cheoltóirí na cathrach. Ar an mbealach beidh neart ceoil, amhrán agus scéalta. Eagraithe ag An Droichead. Ní mór clárú roimh ré mar go bhfuil áiteanna teoranta. <https://www.belfasttradtrail.com>

14.00 - 15.30p.m. /  
14.00 - 15.30i.n.

Discover Ulster-Scots  
Centre,  
9 Victoria St, Belfast  
BT1 3GA



15.00p.m. / 15.00i.n.

The Dirty Onion  
Cathedral Quarter



## Bene & Cormac

2019 BBC Radio Scotland's Young Traditional Musician of the Year Benedict Morris from Glasgow and Cormac Crummey from Belfast are a fresh fiddle and guitar duo that first ignited at Fleadh Cheoil na hÉireann in Sligo and haven't looked back since. Their debut album Wavelength has taken the traditional music scene by storm and they themselves are at the forefront of a wave of amazing young Irish and Scottish musicians taking up the mantle. Don't miss it!

**Thosaigh Benedict Morris, Ceoltóir Óg Traidisiúnta BBC Radio Scotland 2019, as Glaschú agus Cormac Crummey, giotaraí iontach as Béal Feirste, ag seinm le chéile ag Fleadh Cheoil na hÉireann i Sligeach. Beirt iad seo a bhfuil an ceol traidisiúnta go smior iontu ach a bhfuil siad ag dul i dtreo nua don cheol Gaelach - tá an-tóir ar a gcéad albam 'Wavelength' agus iad chun cinn ar ghlúin úrnua de cheoltóirí atá ag teacht chun cinn in Éirinn agus in Albain. Ná Caill é!**

## It goes as Follies - in onóir Ciarán Carson

An entertaining evening of flute music at Madden's Bar inspired by the late Ciarán Carson's book 'Last Night's Fun'. 2014 Musician of the Year recipient Harry Bradley, 2018 recipient Catherine McEvoy, Davey Maguire & Brendan O'Hare will lead a Belfast Flute Gathering discussing and celebrating the emergence of the Belfast Flute Style in honour of Ciarán Carson. With ITMA/Gradam Ceoil Pop-Up Archive.

**Ceiliúradh ar cheol na feadóige móire i dTígh Mhadáin spreagtha ag an leabhar 'Last Night's Fun' le Ciarán Carson. Tiocfaidh Meitheal Fliúiteadóirí Bhéal Feirste le chéile, chun plé agus ceiliúradh a dhéanamh ar stíl fliúiteadóireachta na cathrach, ina measc buaiteoir an Ghradam Ceoltóir na Bliana 2014, Harry Bradley, buaiteoir 2018 Catherine McEvoy, Davey Maguire & Brendan O'Hare in onóir Ciarán Carson.**

Le TobChartlann ITMA / Gradam Ceoil TG4.

## Seisiúin Oscailte @ Madden's Bar

Come along and have a tune with some of Belfast's finest musicians. Listeners are welcome too!

**Goitse agus bíodh port nó dhó agat in éineacht le cuid de na ceoltóirí is fearr i mBéal Feirste. Fáilte roimh lucht éisteachta chomh maith!**

17.00p.m. / 17.00i.n.  
Discover Ulster-Scots Centre,  
9 Victoria St, Belfast  
BT1 3GA



19.00p.m. / 19.00i.n.  
Madden's Bar,  
Berry Street, BT11FJ



22.00p.m. / 22.00i.n.  
Madden's Bar,  
Berry Street, BT11FJ



# Dé Domhnaigh 23 Feabhra

## Sunday 23 February

### Gradam Super Sunday Big Breakfast with Stephen James Smith

Sunday brunch with Stephen James Smith and friends - live music, arts and crafts for the kids. Meet old friends, family or fly solo and see who you get talking to.

Ceol agus bricfeasta maidin Dé Domhnaigh sa Duncairn le Stephen James Smith agus a chairde – meascán de cheol beo, ealaíon agus ceardaíocht faoi choinne na bpáistí agus caife den scoth. Cas le seanchairde, bíodh an chlann ar fad leat agus bain sult as.

### IN TUNE FOR LIFE

#### - Ceolfhoireann @ Margadh Naomh Seoirse

The fantastic 'In Tune for Life Orchestra', a traditional Irish Youth Orchestra consisting of over 80 young people from North Tipperary, under the guidance of 2020 Gradam Ceoil recipient Ned Kelly perform in the busy Sunday market.

Seinnfidh 'In Tune for Life Orchestra', ceolfhoireann óige ceoil thraidisiúnta déanta suas de níos mó 80 óganach as Tuaiceart Tiobraid Árainn, faoi stiúir bhuaiteoir Ghradam Ceoil 2020 Ned Kelly i Margadh Naomh Seoirse.

### KASK

Kask was formed for the visit of the Olympic Flame to Northern Ireland. The style of the group is built around Bagpipes and traditional songs. It brings together musicians from various backgrounds to perform traditional Irish and Scottish music.


Tháinig Kask le chéile nuair a tháinig an Lasair Oilimpeach go Tuaisceart Éireann. Tá stíl an ghrúpa bunaithe ar an phíob mhór agus ar na hamhráin thraidisiúnta. Tagann ceoltóirí as cúlraí éagsúla le chéile chun ceol traidisiúnta na hÉireann agus na hAlban a sheinm le chéile.

### Gaelic Bus Tour of East Belfast

A bilingual tour looking at the Gaelic aspects of East Belfast, rich in Gaelic placenames, the area's association with Ó Néill and its place in the more modern Irish revivalist movement. Visit the East Belfast you never knew existed. Pre-registration necessary. Please email [production@redshoe.ie](mailto:production@redshoe.ie)

10.00a.m. / 10.00r.n.

Duncairn Centre of Culture & Arts  
Duncairn Ave,  
BT14 6BP



10.30a.m. - 11.30a.m.

/ 10.30r.n. - 11.30r.n.

St George's Market  
East Bridge St, Belfast,  
BT1 3NQ



14.00 -16.00p.m.

/14.00 -16.00i.n.

Discover Ulster-Scots Centre,  
9 Victoria St, Belfast BT1 3GA



14.30p.m. /14.30i.n.

Turas/Skainos Centre,  
241 Newtownards Rd,  
Belfast BT4 1AF



Turas bus dátheangach ar chonair chultúir oirthear na cathrach. Déanfar cur síos ar stair Uí Néill agus ar stair na Gaeilge sa cheantar seo. Seo Oirthear Bhéal Feirste nár shamhlaigh tú ariamh. Ní mór clárú roimh ré mar go bhfuil áiteanna teoranta. Seol ríomhphost chuig [production@redshoe.ie](mailto:production@redshoe.ie)

**Gradam Ceoil TG4 returns to Belfast for the third year running with the gala awards ceremony, in the Waterfront Hall.**  
Gradam Ceoil TG4 is 23 years in existence, recognising and celebrating the cream of Irish traditional music.

This year's awards will be presented at the Gradam Ceoil TG4 concert on **Sunday 23rd February** and televised live on TG4 at 9.30pm.

Hosted by Doireann Ní Ghlacáin and Dónal O'Connor, the 2020 Gradam recipients will be joined on stage by their own special musical guests in a unique, star-studded line-up of musicians and award-presenters.

**Chart topping band BEOGA will also perform on the night.**

*Ceoltóir na Bliana / Musician of the Year: LAOISE KELLY*  
*Ceoltóir Óg / Young Musician of the Year: SHARON HOWLEY*  
*Gradam Saoil/Lifetime Achievement: SÉAMUS CONNOLLY*  
*Amhránaí na Bliana / Singer of the Year: LILLIS Ó LAOIRE*  
*Gradam Comaoine / Outstanding Contribution: NED KELLY*  
*Cumadóir na Bliana / Composer of the Year: JOSEPHINE MARSH*

Tickets for TG4 Gradam Ceoil Awards 2020 are available from:  
[www.waterfront.co.uk](http://www.waterfront.co.uk) or +44(0)28 9033 4455. Price £25.00.  
For more information see [www.gradam.ie](http://www.gradam.ie) or Facebook and Twitter @GradamCeoil #GRADAM

Bunaíodh an Gradam Ceoil sa bhliain 1998 le homós, aitheantas agus buíochas a thabhairt dóibh siúd a bhfuil éacht déanta acu ag cothú, ag neartú agus ag buanú an cheoil thraidisiúnta.

Bronnfar na Gradaim ag Coirmcheoil agus Duaisbhronnadh beochraolta ón Waterfront i mBéal Feirste ar an Domhnach an 23ú Feabhra 2020 ag 9.00 i.n. curtha i láthair ag Dónal O'Connor agus Doireann Glackin.

Tá ticéid do Dhuaisbhronnadh/Ceolchoirm Ghradam Ceoil TG4 2020 ar fáil:  
[www.waterfront.co.uk](http://www.waterfront.co.uk) nó +44(0)28 9033 4455. Praghas £25.00  
Breis eolais ag [www.gradam.ie](http://www.gradam.ie) Facebook nó Twitter @gradamceoil #GRADAM